



IRISH CATHOLIC
BISHOPS' CONFERENCE
COMHDHÁIL EASPAG CAITLICEACH ÉIREANN

IS TÁBHACHTACH AN PÓSADH



Déan machnamh sula athraíonn tú é

Laistigh de chúpla seachtain iarrfar ar mhuintir na hÉireann a vóta a chaitheamh i reifreann a athróidh brí an phósta i *mBunreacht na hÉireann*.

Baineann tábhacht bhunúsach leis an bpósadh ó thaobh leanaí, máithreacha, aithreacha agus ó thaobh an tsochaí de – mar sin is gá dúinn go léir machnamh domhain a dhéanamh sula athrófar é. Iarraimid ar mhuintir na hÉireann na himpleachtaí duibheagánacha, a bheadh ag an leasú bunreachtúil seo ar an timpeallacht teaghlaigh agus ar ár dtuiscint ar thuismíocht de, a mheas go han-chúramach.

Tá meas againn ar thuairimí na ndaoine atá ar a mhalairt de thuairim, agus muinín againn go gcloisfear ár dtuairimí diongbháilte atá bunaithe sa chreideamh, go gcloisfear go hurramach iad.

Tagaimid chuig an díospóireacht seo le creidiúint gur bronntanas ó Dhia é, a chruthaigh sinn ‘fireann agus baineann’, an t-aontas atá ann idir fear agus bean sa phósadh – aontas atá oscailte do ghiniúint leanaí. Luíonn sé le réasún go bhfuil fírinne ag baint le collaíocht daonna a dhéanann an caidreamh idir fear agus bean uathúil. Tógann máithreacha agus aithreacha bronntanais éagsúla atá comhlántach le chéile isteach i saol an linbh.

Ní féidir linn tacaíocht a thabhairt le leasú ar an mBunreacht a chuireann athshainiú ar an bpósadh agus dáiríre cuireann aontas beirt fhear, nó beirt bhan, ar chomhchéim leis an gcaidreamh pósta idir fear céile agus bean chéile atá oscailte do ghiniúint leanaí.

Ábhar inní dúinn dá ndéanfaí an leasú a reachtáil:

- Go ndéanfaí níos deacra é labhairt a thuilleadh go poiblí faoi phósadh idir fear agus bean.
- Cén múineadh a iarrfar orainn a thabhairt do pháistí scoile maidir leis an bpósadh?
- An gcuirfear brú orthu siúd a chreideann go diongbháilte gur ionann an pósadh agus aontas idir fear agus bean gníomhú in aghaidh a gcoinsiasa?

An féidir bealach a aimsiú chun cearta sibhialta daoine aeracha a chosaint gan an bonn a bhaint de bhrí bunúsach an phósta a thuigtear go coitianta ar fud na gcultúr, ar fud na gcreideamh agus ó aois go haois?

Cheana féin, in *Acht na Leanaí agus Caidrimh Teaghlaigh 2015*, tá sé beartaithe aon lua do mháithreacha nó d'aithreacha a bhaint as rafta iomlán de reachtáíocht roimhe seo.

Molaimid do gach duine smaoineamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo agus a vóta a chaitheamh ar an 22ú Bealtaine. Beidh torthaí an leasaithe molta seo braite go forleathan sa lá atá innu ann agus ó ghlúin go glúin.

Molaimid do vótálaithe go léir: Is tábhachtach an pósadh – déan machnamh sula athraíonn tú é.

Tugaimid cuireadh do dhaoine chreideamhacha urnaí a dhéanamh maidir le sochrú na ceiste. ‘Sna seachtainí amach romhainn, agus ach go háirithe i mí na Bealtaine, mí Mhuire, tugaimid cuireadh do chách guí ar son an Phósta agus ar son an Teaghlaigh.

